

Mairg dar chumthach an chumha

[Anne O'Sullivan and Pádraig Ó Riain, *Poems on the Marcher Lords from a sixteenth-century Tipperary manuscript*, Irish Texts Society 53, 1987; no.2]

In obitum Jacobi Pursell baronis de Luaghma

1 Mairg dar *chumthach* in *chumha*,  
cumha orm ní hedh nach léir;  
nocha brón cumtha mo *chumha*,  
lór m'urchra dá chura [i] céill.

2 Nír thuig misi méd mo *mhacnais*  
ó *mhac Thomáis*, ciabh mar chorn;  
co cré do *char* ar in fer-sain  
do an mé gan *esbhaidh* orm.

3 Mac Mairg*hréige* ag adhna m'urchra;  
ní fhuil ar *sgáiledh* na *sgél*,  
ar *chaíne* trá um an *trénfher*,  
lá saíre ar *dhénemh* mo *dhér*.

4 A lucht áenleapa 's a ollamh,  
ua Séfruinn Ruaidh na ros g mall,  
lucht dénta *cheoil* oga *chaínedh*,  
rédla eoil *Ghaídhel* is Gall.

5 Lán d'eolchaire ó Uachtar Lámhann  
a lucht grádha ag imthecht uadh,  
cá dám do ar ndula do *Shémas*,  
cumha so *bhéras* go buan!

6 Mac Tomáis gus in tráth teasta  
ní tángas rium 'ga ros g mhall;  
nír thuig meisi méd ar léin-ne,  
seisi d'ég a gléire Gall.

7 Dá ollamh is adhbhar *urchra*  
d'éis *gach* anóra do fhuair;  
do *bhíth* fáilte fa-rinn roimhe  
re linn *cháinte* oile uaidh.

8 Decair damh-sa dul dá *chumha*;  
cumha *mhenman* mairg dar lean;  
nocha liaigh mo *chabhra* in cridhe,  
a *mharbhna* i ndiaidh *bhile Bhreagh*.

9 Do *bhí* gur legadh seol Sémais

súil acu re *fholt* na ngég,  
ina dhá rann im thuir taídhén,  
fuil *Ghall* is fuil *Ghaídel* nGrég.

10 Gidhbé do *bheth* ag techt tairis,  
do thnúth re teist ó nach mair,  
*Frangcaigh* ós dá méin a mhianaigh  
nár shanntaigh béim d'iarraidh air.

11 An céin do *mhair*, anba an t-áirimh  
d'ollamhnaibh Banbha ar *bhrond* súd;  
do shanntaigh a char 'nar clusaibh  
bladh in *Fhrangcaigh* uasail úd.

12 Canfa misi re mac Tomáis:  
“Ní *thic* gráinne tré *ghort* túir;  
ní hingnadh ót ég gan toradh  
fidhbhadh, dá *mhéd*, folamh fúibh.”

13 Súil agad re huaislibh Éirenn,  
a ua Shéfruinn, a shúil *mhall*,  
do-chuaidh bhar súil mar nár saíledh,  
tú re huaim *Ghaídhel* is Gall.

14 Do *bhás* i cinn *chríche* Banbha,  
red *bhreith* uain-ne, a *fholt* mar fhidh,  
do *bhí* ar súil re sedh do dhlighidh,  
cneadh glúin do *gach* filidh ibh.

15 Atá d'urchra ar éigsibh Banbha,  
a bhas *chorcra*, a chúl na ngég,  
dá *bhrígh* ag breachghuin mo *chroidhe*,  
Luachmhuigh ag rígh oile ót ég!

16 D'anmhuin eturra is olc mh'fhulang,  
a áes grádha a' gol mo rígh,  
*Puirselaigh* do *ghrádh* an *Ghoill-si*;  
tuismhemhaidh mál toirsi trím.

17 Aidhbhne uaisle airir Éirenn,  
d'éis éga dá earla *thigh*,  
céili luighe fa láech Éirne,  
fráech a tuile ag éirghe ós fhidh.

18 Tuigther Luachmhuigh lán do chumhaidh,  
is Caill *Eachra* d'éis in rígh;  
do *mhian* a ghuil ar fhéin uirre,  
gan chéill sguir ar *dhuine* díbh.

19 Teaghlach in bharúin, beart ingnadh,  
ar n-ég leomhuin Linde Féig,  
i teann ar tochta don deighfher,  
gearr ó Chorca Theinedh théid.

20 Do-ní sa Samhradh sín Earraigh  
d'éis tShémais, nír shuail a neimh;  
na géga crína isna cráebha,  
féga sína sáebha sein.

21 Nochán fhuil ón uair nach mairinn  
mac Tomáis, gruaidh mar ghéis,  
ní teas do ghoill ar a gelchna;  
meas ar Choill Eachra dá éis.

22 Sína garbha re hucht Fhogmhair  
d'fherthain truim ó ló go ló,  
ég in rígh fa táem dá tráethadh,  
sín tsháebh a' cáechadh na cnó.

23 An céin do mhair mac in bharúin,  
do bhrígh na toirbhert thug dúinn,  
tearc do shanntaigh dréim re duasaibh  
in Fhrangcaigh fhéil uasail úir.

24 Sgél uaingech nár reacadh reomham  
ar ríghraidh bheodha in Bhuid Chruind;  
curthar i ndeigh scél do sgaíledh  
prémh eoil na saírfher i suim.

25 Geis dó gan dul i cenn comhóil,  
do Ching Artúir, gérbh é a am,  
'na fhindbhruigh uaingeach 'na anáir,  
ingnadh nuaidheach d'fhagháil ann.

26 Do-chí ag snámh ar sruth na cathrach,  
Cing Artúir dá creidit cách;  
téid le hingnadh i ceann caithmhe;  
geall 'ga fhinnbhruigh ghairthe is gnáth.

27 Cloidhemh i certlár na lice,  
líg mharmair fa baoga in ball,  
leac agus í ag snámh gan imramh,  
fa lán in rí d'ingnadh and.

28 Lec mháeithdherg do mharmar chorra,  
colg 'na certlár do-chí sé;  
gé do mháeidhedh méd a theiste,  
nír fhéd áeinpher eisde hé.

29 Sir Lamhsalóid na slegh solas,  
Sir Galafas, gruaidh mar *ghrís*,  
dóibh a-tá in tarngaire a techta  
lá crandghaile rempa a-rís.

30 Tarrang in *chuilg* ar *Ching Artúr*  
nír fháemh Lamhsalóid don líg;  
“do *mhac* a-tá i ndán a dhénamh,  
cá dám trá 'com *théghadh* tríd?”

31 Sir Galafas na ngnímh rathmhar,  
ridire óg is ard sdair,  
gerr arna fhaisgin gur *fhaillsigh*,  
grend gaisgidh 'mun aim-sin air.

32 Ní thug sidh agus sé ar suidhe  
Sir Galafas, nár mheth móid,  
mar do-*chuaidh* sa Cathaír Báeghlaigh,  
tathaír don sduaidh fháebhraigh óig.

33 “A lenmhuin tré lár na lice,  
lann *chruaidh* do-*chuaidh* dá lán,  
táinic sí libh as in leic-se,  
mar do *bhí* sin deit-se i ndán.

34 Teaghlach curata Cing Artúir,  
a uaisli, a *mhílidh* is a *mheic* rígh,  
ráinic i ngeall duid fa dheiredh,  
garr gur thuig gach *deighfher* díbh.”

35 Sir Galafas na lann límhtha,  
láech calma fa cródha i gcath,  
mar rug geall in té ó *tháinic*  
ceann a ré ráinic a rath.

36 Do mhuintir *dhílis* in *deighfhir*,  
a ndul 'na *dhiaidh* cá d'ulc dóibh,  
mása dí, ar n-ég an *churaidh*,  
céd díbh dá *chumhaidh* do-*chóidh*?

37 Deimhin in sgél rim do racadh  
ar réim in ridire *ghil*,  
gég do *chrú* na rígh ó Rémus;  
cnú dá shíl in Sémus sin.

38 A *mhac* samhla díchra in dobrón,  
ar ndul tShémais, fa dáil doirbh;  
fa mbé a ollamh 's a *fher* cumtha

ní *bhen* sonnadh d'urchra oirn.

39 Gé a-tá d'fhiachaibh ar a ollumh  
áirimh a chen, is é a *fhir*,  
dá roimhéd, ní meadh d'ar mebhair,  
coimhéd a *chean* dleghair dím.

40 Crecha troma i Tuaith Ó bhFaroll,  
Baile Eilith, ní fáth rúin,  
Ros Cré 'ga argain re 'r-oile;  
do ardaigh sé an oile i n-úir.

41 Cloch Insi tar éis a creachtha,  
Cloch *Fhothonnáin*, gnímh gan *gheis*,  
táin bó asa fidh dá fuighlech,  
cin nó dó a hÍbh Luighdhech leis.

42 Creach ón Tuaith a-mach le muintir  
mheic *Thomáis* a-tá fa líg,  
a rug ó *Chluain Mhór* ar maidin;  
mór do-chuaidh 'na taicthin tríd.

43 D'anamhuin re héirghi *mhaidne*  
nó gur mhachnaigh a *fhir* fhis,  
ceo dá cleith i Coill na Manach,  
do roinn creich go ramhoch ris.

44 Re cois *chreichi* Cilli Céire  
creach na Cairrgi, cá tám dí,  
a hainm do-chuaidh ós *fhuighlibh*;  
Cluain Tairbh nochan *fhuighibh* hí.

45 Crech Rosa *Chré* cuid dá *chaithréim*,  
crech a hUaithnibh 'gá fholt tais,  
leth ar leth leisin seng *suilbhir*,  
fa sech i cenn Luimhin lais.

46 Ar n-argain *fherrainn* Ó Riain,  
rí Luachmhuighe do ling díg,  
ag dáil *chleth* um *chrodh* Ó nDróna,  
fa sech a' cor tóra tríd.

47 Cuid do chenaibh Cloinne Ruaidhrí  
rug Sémus, ní suaill in rath,  
do bhí ar *chúl* a' car na tóra,  
cradh ó *Dhún* na Móna a-mach.

48 Crech na Cúlchaili le céile,  
crech ó réill a *nabar* i n-oil,

do-chuaidh tar *choill* tré Chluain Míne,  
roinn do *bhuaibh* na tíre thoir.

49 Crech cródha na Cailli Tarsna  
tug Sémus, ní bec in brath;  
ní gerr ó chuala na cena  
i cenn Cluana *Mhela* a-mach.

50 Crech a gortaibh Guirt na Cloichi,  
crech *Philip*, fa cródha an cin;  
nemhnáir mar do *chrech* le céile,  
crech *Bhernáin Éile* agon fhir.

51 Táinte do *chrodh* *Chloinne Piarais*,  
Puirselaiigh rempa rug siad;  
ar *fhagháil* uaine ar *chrech* Bhaltair,  
cleth Muaidhe do altaigh iad.

52 Crech ler *ghluais* ón *Ghuirtín Chlasach*,  
Cluain Ó Sgillóg, ní scél táith,  
in Baile Nuaidh leo do losgadh,  
nír fhuaigh ceo ar *chosgar cháich*.

53 Cin a Nuamhain, cá mó masla,  
mac Tomáis nachar *ghabh* geis,  
a *mheth* iarras isin *Athchradh*,  
crech ó *Phiaras Lathfan* leis.

54 'Sa *Ghrafainn* i mesg hÚa Mechair,  
mac Tomáis sul tí tar ais,  
leth ar leth ortha do fhásaigh,  
crech na Tolcha ón lá-sain lais.

55 I comhdháil airm re hucht *mhaidne*  
mac Mairghréigi, móide a *bhladh*,  
i ndeogh *chen* an fhuinn d'fhuiling,  
gur *bhen* do *Dhruim Chuilinn* cradh.

56 Mac Meic Áedha ar aba a airce  
gan áenbhoin ó *fholt* na sgath;  
ar cin-ne ní cin nach racha  
ó Fhir *Ghlinne Mhacha* a-mach.

57 Crech *Dhurlais Bhig* leisin mbarún  
is Baile Í Shídhcháin táebh thoir;  
do iarr na fedha dá foghail,  
cena ó Fhiadh Moghain a-moigh.

58 A' siubhal le soillsi *mhaidne*

mac Tomáis, nachar *thuar* geis,  
do-*chuaidh* a fírrainn Ó Faithi,  
díraim dá mbuaibh laithi leis.

59 D'Íbh Bráenáin, ní bec in masla,  
re mac Tomáis tug a roind;  
énbha i níbh Duach fa *dheradh*  
do luach dhéimha in chena Goill.

60 Ar ndul fa *Bhaile Í Mhuíl Mhesa*,  
mac Tomáis, ní beg in barr,  
mó fa *dhó* lín na leathach  
ag rímh *bhó* Ó nEachach and.

61 Ós 'gá *thuiriumh* a-tá mi-se  
ar Sémus, fa corcra ceis,  
cách 'na *dheoigh* uile go héimhthech,  
(ó) Shain Eoin a léirchrech leis.

62 Fan Cuanlacht do-*chuaidh* in barún,  
fa *Bhaile Póil* leth ar leth;  
ar ndénumh chean ar Loch Luachra  
sgoth bhean sul dob fhuartha a ech.

63 Eachtra Róisdech cuid dar cuimhne,  
do chuir Sémus, lór dá lot,  
'sé nocho cian ó ainm d'*fhoghbháil*,  
'na *mhaidhm* tré *Shliabh collbháin* Crot.

64 Ní fhúigibh gan *chuma* id *chaithréim*,  
i Coill Achra, a *fholt chas*,  
Síl Mechair ina maidhm romhaibh  
le ndechaidh ainm oraibh as.

65 Oirecht na Clann do chrech tusa,  
táem ord*hraic* órbh áirmhech sibh;  
do leth a lomnán dod *ghnaí-si*,  
crech a hOrlár laí-si libh.

66 I nDurlas, fa suairc in siubhal,  
Sémus [...], puing dá *ghnámh*,  
esbhaidh a n-ech ar fhéinn Ghaídhel,  
ar mbéin *chrech* is daínedh díbh.

67 Crech a Músgraidhe ar maidin  
le mac Tomáis nár *mheath* mind;  
a dhola is damhna d'ar n-urchra,  
tarla fola cumtha im *chind*.

68 Baile na hInse uaidh braiter,  
Baile in Ghrontaigh, nír ghnímh docht;  
“téid duid a mbuar ón dá bhaile,  
tuig gur bhuan a n-aire ort.”

69 Fúigfid gan chuma dá chaithréim  
cuid an chédlaí ag craíbh lúain;  
nocha cumabh é re r-oile,  
acht sé ag urradh oile uaim.

70 A lucht cumtha, ó do chuaidh Sémus,  
fa siubhlach orra i ngach aird;  
biaidh gan dula dím bu-dhesta  
cumha in rígh, dá mesta, mairg!